

Amhgar bisigh bás flatha

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 41]

1 Amhgar bisigh bás flatha;
leis cinnтир crúas míoratha;
mur as leis laghdaighther bail
leis ardaighthear gach easbhaidh.

2 Mur dhearbhuid teadhma is tacha
olc bisigh bás ríoghlathá;
mairg ler fromhadh frémh da nimh;
lén 'na chomhar ní cluintir.

3 Le bás flatha, foirfe an fios,
tig gach lén bhus lór d'aimhlios,
'na ghrinnfhiós as gnáth sinne,
mhillios cách i gcoitchinne.

4 Da bhás tarthor túis gach leóin
is gheines orchra is éidreoir;
leis tar cert cinniúr gach coir,
's mhilltior reacht agus riaghoil.

5 D'imtheacht flatha do réim ríogh
fásaidh gaoth gorta is gairbhshíon,
fásaidh 's gidh féile i laige
's fásaidh déine is dochraide.

6 Tig do bhás flatha fíre
meath cnúais dusgadh doirbhshíne;
's neart i bhfoghláibh, gá dás de,
tre bhás chodhnaigh gach críche.

7 Fásoid fós adhbhoir osnad,
neamhghrádh cáigh 's a gcomhorsan,
ní sgél nuidhe um Bhanbha Bregh,
's dúile balbha do bhuaidhreadh.

8 Airde i sreibh, ísle i n-eathoibh,
annsa cháigh do chlaoínbhrethoibh;
ró míoratha, i gcás ná cuir,
ar bhás ríofhlatha ríomhthair.

9 Rug oirne olc nár bh annamh,
do dhearbhadh a ndubhramar,
tásg flatha go nuaidhe anos,
tacha bhus buaine bheuros.

10 I sé an t-ardfhlaithe Art Ó Néill,
Mac Seaáin, maith gan mhímhéinn,
ler dubladh tlás ar dtreisi,
ughdur na gcás gcráitesi.

11 Da bhás tairnic síos re seal
torchur tonn tairthe coillteadh;
ni fáth ruin nuaidhneimh na nél,
nó ar bhuaidhreigh d'úir is d'aiér.

12 Dhe táinic, truaighe an pudhar,
grian is eusga i n-eundubhadh;
an tuirssi ca taobh nár ghabh,
raon na soillsi gur siabhradh ?

13 Dhe thiocfus tásg nach usa;
truagh foirchionn na foghlasa,
gach aonrath ar gcúl do chur;
saoghlach an tnúdh gar dturnamh.

14 Dha dhíth tig, toisg dob annamh
gniomh, 'na chló nach gcualamur,
le roinert trén gan taisi,
lén oireacht is eaglaisi.

15 Dha dhíoth fós tig is tiocfa
múchadh aoibhe is aigionta,
san fhoirmisi um chaoimhlios ó gCuinn
an toirsi ar aoibhnios aguinn.

16 Dhe thiocfas, mur tá ar dteacht
sgrios naomhord, diochur dillecht,
d'ulc na sgél tubhadh treabhthach,
lén brughadh is baintreabhthach.

17 D'ég Airt ba rioghdha riaghail,
síol tuirreach Néill naoighiallaigh
crú ríogh dob iontnuídh 'sgach echt,
do iompúidh sión a soibhert.

18 Cumha Airt í Néill aniodh
fada théid truaighe a haisdior,
a mairgnimh dá seachna sinn
fa cheathra hairdibh Éirionn.

19 Éire an amhgair gidh í ann,
teasta a ciall, cóir nach marann;
túar dubhaidh an airc réir an
do chumhaidh Airt, 's ni hiongnadh.

20 Dá chaogad rí do ríghibh
is seisior i seinlínibh,
ionann méin dóibh is disi,
d'ibh Néill do fhóir uirrisi.

21 Mur sin nach iongnadh d'Éirinn
mur tá um ionnua Úirfheilim;
maith 'na ndeoidh do dheughfadach dhi
na treoin nach seunfadach sisi.

22 Saorua Bríain charroigh chródha,
aodhoire na honóra,
'sé uainn i Sgire na sgath,
budh húaill 'na croidhe a caomhthach.

23 Tumba clach codhnaigh Line,
do líonadh m'fhath oirbhire;
lán d'fhéile d'uaisle agus d'iocht
's do réidhe an uaighsi is d'oirbhiort.

24 An mhórdha an rath an riaghoil
's onóir shil Néill Naoighialloigh,
'síad fóm i n-aonuaigh is Art;
glór nach daoruall adubhart.

25 An mhíonla an mhaisi an mheanma,
an tromdha, an tlacht tighearna,
an gart gan úaill gan obadh
le hArt uainn do hionnlogadh.

26 An diadha an egna an umhla
an fhoghlum ard ughardha,
féch san uaighsi Airt Í Néill,
's cairt na huaisle 's a hairdréim.

27 Do só an fhéile 's an rath ríogh,
do só an mhaith mhór gan mhaoithghníomh
síos le craoibh fthonnghloin Uisnigh
san chomhroidh chaoil chumhoingsin.

28 An cert an chaoimhe an chonnla,
an mhórdháil an mhesardha
eite lúidh 's tlacht ar dtreisi
le hArt fa úir mh'ainnisi.

29 Fionchrú airdríogh Innsi Breagh
's mórfhuil ríogh na gcóig gcóigedh,
bláth saorshlat gan chiaigh sgach cáil

i gcriaidh le saormhac Seaáin.

30 Rún sáimh gan chroidhe gcorrach,
dalta tuath is termonnach,
sén rathbhuaidhe, riár [na gcean],
Athghuaire cliar is coinnmheadh.

31 Reulta fhileadh fhóid na bhFionn,
mac meic Briain aithchreach Éirionn,
sgáthán cléire chraoi Logha
do chnaoi an fhéile i n-aontogha.

32 Díoghruis einigh aicme Néill,
an rug leis cuid da chaithréim?
gidh fáth dér do dhortadh dhi,
íochtar a sgél do Sgire.

33 Focht arís a dheimhin di
an bhfuair sí 's a fhios aici
samhail an chuirpsi 'na cill?
tuigsi amhuil a hintinn.

34 Fionnua Briain mhór meic Féidhlim,
creach shuaithnidh do Sheinéirinn
cian bhus béd duine ós daoinibh,
ég an ruire rathfhaoilidh.

35 Creach ar chreich an t-égsin Airt
lén ar lén, miste an mhalairt,
díoth coitchionn go ndáil ndecra,
foirchionn áir na huaislechta.

36 Cuis mh'orchra, m'adhbhar tathoimh
fuil ríoghdha Chuinn Cheudchathaigh,
brat do thalmhuin más dion dí,
gníomh do fhalmhaigh an éigsi.

37 D'ég shaoirmheic Sheáin mheic Bríain,
craobh chnuais do fhás a húircchiaidh,
terc maoithbhreath le bronnadh bheas,
aoinchreach ollamh is éigeas.

38 Fiú ar thairsiod da chéibh gcaistigh
prímhchliar an fhuinn Ulaidhsin,
techt 'na iodhnais nach dóigh dhí
a Róimh ionnmhais is inmhe.

39 D'ionnmhus Airt airc na n-ollamh
baoghlach fós go bhfuaramar,

mó as dodhuing i gcill a chur,
nar fhill oruinn 'na amhgar. A.mh.g.a.r

40 Seacht mbliadhna is sechtmhoghad slán,
's mile is sé céd go comhlán,
aois mhic Dé ré n-oidhidh d'Art,
soighein bha ré san ríoghacht. A.mh.g.a.r.b.i.s.i.gh

41 Íosa Críost da chaomhna i rath,
Aodh mac Briain, bráighe Ruarcach,
aigniodh fial nár aontoigh olc,
mo ríar m'aontoil is m'annsacht.